Amhlaoibh O Súilleabháin agus a Mhuintir in 1821

Eamonn O hOgáin

Le linn don Chanónach Liam O Corragáin a bheith ag bailiú eolais dá shaothar staire[1] i ndeireadh an chéid seo caite d'athscriobh sé nithe as na buncháipéisí de Dhaonáireamh 1821 a loiteadh ó shin aimsir Chogadh na gCarad. I gceann dá leabhar nótaí tá na míreanna thíos athscríofa aige:[2]

CENSUS RETURNS 1821

Parish of Callan (May 28 - July 23)

Greene Street

Humphrey O'Sullivan	38	Shopkeeper
Mary O'Sullivan	36	wife
Denis O'Sullivan	7	son
Anastasia O'Sullivan	under 1 year	daughter

East Division

Widow Sullivan	73	Hugster
Denis Sullivan	33	her son, schoolmaster

Amhlaoibh an Chín Lae fear Shráid na Faiche thuas, A mháthair agus a dheartháir beirt na Roinne Thoir. Aois na ndaoine atá tugtha sa dara colún.

De réir na fianaise sin

(i) Ba sa bhliain 1783 a rugadh Amhlaoibh. Ba é 1780 bliain a bhreithe de réir na scríbhinne atá ar an leacht os cionn a uaighe i gCill Bhríde i gcóngar Challainn.[3] Treisiú le fianaise an Daonáirimh é go bhfuil iontráil sa Chín Lae féin i dtaobh aois a mhic Donncha ag teacht lena bhfuil tugtha sa Daonáireamh : [22 Iúil 1830] '. . no mhac Donncha O Súilleabháin . i . ógánach sé bliana déag d'aois'.[4]

(ii) Bhí Amhlaoibh ina shiopadóir agus é ina chónaí cheana féin ar Shráid na Faiche faoin mbliain 1821. Go dtí seo ba i gcás na bliana 1824 is túisce a bhí fianaise againn go raibh an scéal amhlaidh.[5]

(iii) Tá a fhios againn anois den chéad uair go raibh siopa beag ag máthair Amhlaoibh.
(iv) Is féidir mi athscríobh Eoghain Uí Chomhraidhe ar scríbhinn leacht mháthair Amhlaoibh i gCill Bhríde,[6] dá mba mhí·athscríobh é,[7] a cheartú anois mar seo : '[D'éag] Maire mo mháthair san mbliadhain 1797 [*recte* 1827], 26 [*recte* 79] daois'. Arís tá fianaise an Daonáirimh maidir le haois mháthair Amhlaoibh ag teacht le hiontráil sa Chín Lae féin : [16 Lúnasa 1827] 'Ag a deich a chlog ar maidin fuair mo mháthair . . bás . Bhí sí i ngar do cheithre fichid nó ochtód blian d'aois'.[8]

NOTAI

1. William Carrigan, *The History and Antiquities of the Diocese of Ossory* I-IV (B.A.C. 1905).
2. *Canon Carrigan MS 22* [lgh 137, 139] (Cóip ar mhicreascannán POS 902 sa Leabharlann Náisiúnta, B.A.C.).
3. Michael McGrath, *Cinnlae Amhlaoibh Uí Shúileabháin* IV (B.A.C. 1937) ix; Tomás de Bhaldraithe, *Cín Lae Amhlaoibh* (P.A.C. 1970) xx.
4. de Bhaldraithe, op. cit., 72.
5. de Bhaldraithe, op. cit., xxiv.
6. *Ordnance Survey Letters, Kilkenny,* II, 48.
7. 'Níl scríbhinn an leachta soléite anois' de Bhaldraithe, op. cit., xxvi.
8. de Bhaldraithe, op. cit., 14.